Obair Bhaile Gaeilge



Leabhar 19

Ainm_____ Rang ___

Gaelscoil Uí Néill

Gaelscoil Uí Néill

Obair Bhaile 1

Scéal Mór ag an Zú

An mhaidin a bhí ann ag an zú agus bhí na hainmhithe uilig ina gcodladh. Go ciúin, stop leoraí mór taobh amuigh den zú. D'oscail Niall, máistir an zú, na geataí agus tháinig an leoraí isteach. Na moncaithe a mhúscail ar dtús, bhí siad ag iarraidh a fháil amach cad é bhí ag dul ar aghaidh. Nuair a chuaigh an leoraí taobh leis an chás s'acu, léim siad agus scread siad agus, roimh i bhfad, bhí na hainmhithe uilig eile múscailte.

Bhí a fhios ag gach ainmhí sa zú faoin am seo go raibh an t-ainmhí nua tagtha. Bhí gach ainmhí chomh tógtha sin, ní raibh a fhios acu cé a bhí ann. Lig na cait mhóra búir astu, cheol na héin uilig agus lig na nathracha hisssseanna móra fada astu. Thosaigh gach mac tíre ag ligean uaille astu fosta. Bhí gach ainmhí múscailte, na séabraí, na sioráif, na rónta, na cangarúnna, bhí an seanbhéar codlatach múscailte go fiú, agus iad uilig ag amharc agus ag éisteacht le fáil amach cé hé an t-ainmhí nua.

Faoi dheireadh stop an leoraí. Go fadálach, thuirling an tiománaí den chábán agus shiúil sé go dtí cúl an leoraí. Tháinig Niall aníos an bóthar, ag rith.

'Cén aois an t-ainmhí?' arsa Niall.

'Níos óige ná bliain,' arsa an tiománaí.

Thosaigh siad ag oscailt doirse an leoraí, go ciúin fadálach. Shiúil siad isteach. Bhí ciúnas marfach ar fud an zú, bhí gach ainmhí ag stánadh ar an leoraí. Cad é tá ann? Ansin…tháinig srón mhór fhada amach ar dtús… ansin cluas móra. Is ansin a bhí a fhios ag cách cad é a bhí ann!

Ceisteanna

1. Cén t-am den lá atá ann?
2. Cén grúpa ainmhithe a mhúscail ar dtús?
3. Cad chuige ar mhúscail na hainmhithe uilig eile?
4. Cén t-ainm atá ar mháistir an zú?
5. Cad é an aois den ainmhí nua?
6. Cad é a bhí san ainmhí nua?
7. Tá meancóg litrithe amháin san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le líne faoin fhocal nach raibh litrithe mar is ceart.

   Bhí a is ag gach ainmhí sa zú faoin am seo go raibh an t-ainmhí nua ann.

8. Tá meancóg phoncaíochta san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le ciorcal thart ar an áit a raibh an mheancóg phoncaíochta.

   "Cén aois an t-ainmhí," arsa Niall.

Obair Bhaile 2

Na Séasúir



Is réalta mhór í an ghrian atá i lár an grianchórais s'againne, rud a thugtar ar an ghrúpa pláinéad s'againne. Téann an Domhan thart ar an ghrian i gciorcal. Tá an Domhan ina luí píosa beag ar leataobh agus faigheann sé teas ón ghrian de réir mar a théann sé thart ar an ghrian.

Nuair a bhíonn an chuid s'againne den Domhan níos cóngaraí don ghrian, bíonn an chuid sin níos teo as siocair go mbíonn sí ag fáil níos mó de theas na gréine. Is ag an am sin a bhíonn an samhradh ann.

Ach nuair a bhíonn an chuid s'againne den Domhan níos faide ar shiúl ón ghrian, ní fhaigheann sé an méid céanna teasa agus bíonn sé níos fuaire, is é sin an geimhreadh.

Mar sin de, braitheann an aimsir ar fad ar cé chomh cóngarach nó fada ar shiúl atá an Domhan ar shiúl ón ghrian.

Ceisteanna

1. Cad é an rud é an ghrian?
2. An dtéann an ghrian thart ar an domhan nó an dtéann an domhan thart ar an ghrian?
3. An mbíonn sé te nó fuar sa gheimhreadh de ghnáth?
4. An mbíonn an samhradh nó an geimhreadh ann nuair a bhíonn cuid s'againne den domhan níos cóngaraí don ghrian?
5. Cén séasúr a bhíonn ann nuair a bhíonn cuid s'againne i bhfad ar shiúl ón ghrian?
6. Cén sórt focail é *séasúr*?

   ainmfhocal aidiacht briathar réamhfhocal

7. Tá meancóg litrithe amháin san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le líne faoin fhocal nach raibh litrithe mar is ceart.

   Bíonn an aimsir níos toe sa samhradh ná an geimhreadh.

8. Tá meancóg phoncaíochta san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le ciorcal thart ar an áit a raibh an mheancóg phoncaíochta.

   Faighimid teas ón ghrian

Obair Bhaile 3

Na Réaltaí



Is ionann chóir a bheith gach réalta a fheiceann tú sa spéir agus grian, atá i bhfad, i bhfad ar shiúl ón Domhan. Is pláinéid iad an chuid eile, mar shampla Mars nó Mearcair.

Ní théann na réaltaí áit ar bith sa lá, tá siad ann go fóill ach ní thig linn iad a fheiceáil mar gheall ar an solas geal ón ghrian. Dá dtiocfadh solas geal na gréine a chur ar ceal, bheadh solas na réaltaí le feiceáil le linn an lae fosta. Má shoilsíonn tú tóirse sa lá, tá sé iontach deacair a sholas a fheiceáil as siocair go bhfuil sé geal cheana féin. Ach má shoilsíonn tú an tóirse san oíche, nuair atá sé dorcha, soilseoidh an tóirse go geal.

Bíonn na réaltaí i gcónaí ann … maidin, nóin agus oíche. Ach ní féidir iad a fheiceáil i gcónaí mar gheall ar sholas geal na gréine. Nuair a théann an ghrian faoi san oíche, bíonn sé dorcha ar thaobh s'againne den domhan. Is ansin a fheictear réaltaí na spéire.

Ceisteanna

1. Cad é réalta? Ainmnigh dhá rud.
2. An dtig an solas ó thóirse a fheiceáil go maith sa lá?
3. An mbíonn na réaltaí le feiceáil nuair a bhíonn an lá ann?
4. Cad chuige nach dtig linn na réaltaí a fheiceáil sa lá?
5. Ainmnigh dhá phláinéad atá luaite sa sliocht.
6. Cén sórt focail é *réalta*?

   ainmfhocal aidiacht briathar réamhfhocal

7. Tá meancóg litrithe amháin san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le líne faoin fhocal nach raibh litrithe mar is ceart.

   Bíonn an spéir galánta nuair a thagann na réaltaí amach san ithe.

8. Tá meancóg phoncaíochta san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le ciorcal thart ar an áit a raibh an mheancóg phoncaíochta.

   Is pláinéid iad cuid de na réalta, Mearcair nó mars mar shampla.

Obair Bhaile 4

Galú



Is féidir cuid mhór slodán uisce a fheiceáil i ndiaidh dó a bheith ag cur fearthainne. De réir mar a théann an t-am istigh, éiríonn na slodáin níos lú agus níos lú go dtí nach bhfuil siad ann a thuilleadh. Cad chuige a dtarlaíonn sin?

De réir mar a shoilsíonn an ghrian ar an talamh, déanann sé an t-uisce sna slodáin te. Éiríonn an t-uisce chomh te sin go n-athraítear é go gás, a dtugtar gal uisce air. Tugtar galú ar an phróiseas seo.

Ní féidir leat an gal uisce seo a fheiceáil mar bíonn sé ina chuid den aer. Téann an gal uisce suas san aer, beagán ar bheagán, go dtí go bhfuil an t-uisce uilig ar shiúl agus is ansin a bhíonn an slodán imithe ar fad.

Galaíonn an t-uisce atá i slodáin, i locha, in aibhneacha agus fiú amháin san fharraige. Nuair a shroicheann sé an t-aer fuar go hard os cionn an domhain, déantar uisce arís den ghal. Greamaíonn na píosaí beaga uisce seo le chéile chun scamall a dhéanamh. Éiríonn na braonta beaga seo níos mó agus níos mó go dtí go bhfuil siad ró-throm le fanacht san aer agus ansin titeann siad arís mar fhearthainn. Is ansin a dhéantar na slodáin agus tosaíonn an próiseas uilig arís.

Ceisteanna

1. Cad é a bhíonn le feiceáil i ndiaidh dó a bheith ag cur fearthainne?
2. Cad é a dhéanann an ghrian don uisce i slodán uisce?
3. An féidir gal uisce a fheiceáil?
4. Cá háit a dtéann an gal uisce?
5. Cad é a tharlaíonn nuair a éiríonn na braonta beaga níos mó agus níos mó?
6. Cén sórt focail é *galaíonn*?

   ainmfhocal aidiacht briathar réamhfhocal

7. Tá meancóg litrithe amháin san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le líne faoin fhocal nach raibh litrithe mar is ceart.

   Galaíon an t-uisce i slodán le scamall a dhéanamh.

8. Tá meancóg phoncaíochta san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le ciorcal thart ar an áit a raibh an mheancóg phoncaíochta.

   Cad chuige a n-imíonn an t-uisce i slodáin.

Obair Bhaile 5

Bláthanna



Amharc ar na mílte bláth
I ngach aird den tír –
Nóiníní geala bána
Agus sabhaircín bheaga bhuí.

Bláthanna i lár na páirce
Bláthanna ar chúl an chlaí
Bláthanna ar thaobh an bhóthair
Ag fáiltiú romhat sa tslí.

Chruthaigh Dia na bláthanna
Mar mhaise bhreá don tsaoil
Is mar sheodra do na páistí
A bheir grá do féin gan chlaon.

Bláthanna i lár na páirce
Bláthanna ar chúl an chlaí
Bláthanna ar thaobh an bhóthair
Ag fáiltiú romhat sa tslí.

Ceisteanna

1. Cad é an dath atá ar nóinín?
2. Cad é an dath atá ar shabhaircín?
3. Ainmnigh trí áit a mbíonn bláthanna ag fás.
4. Cé a chruthaigh na bláthanna, dar leis an fhile?
5. Cad chuige ar cruthaíodh bláthanna?
6. Cén sórt focail é *bláth*?

   ainmfhocal aidiacht briathar réamhfhocal

7. Tá meancóg litrithe amháin san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le líne faoin fhocal nach raibh litrithe mar is ceart.

   Tá bláthanna galánta ag fás sa phárc.

8. Tá meancóg phoncaíochta san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le ciorcal thart ar an áit a raibh an mheancóg phoncaíochta.

   Is maith liom nóiníní, sabhaircíní rósanna agus tiúilipí.

Obair Bhaile 6

Dearcáin

Tá sé doiligh a chreidbheáil go bhfásfaidh dearcán beag ina chrann ard Darach, ach fásfaidh. Ní tharlaíonn seo thar oíche, áfach, ach mar pháiste ag fás ina dhuine mór, tá am de dhíth ar an dearcán le fás ina chrann ard.

Tá síol mór istigh sa dearcán – agus bia chun é a chothú de réir mar a thosaíonn sé ag fás. Titeann dearcáin go talamh san fhómhar. San earrach, tosaíonn an síol ag fás. Cuidíonn an fhearthainn, an ghrian agus an chréafóg leis an fhás. Ach fásann siad go fadálach. Ag deireadh na chéad bhliana, b'fhéidir nach mbeidh an crann ach 60 cm go 90 cm ar airde.

Fásann an crann Darach níos airde achan bhliain. I ndiaidh 25 bliain, tá an crann thart fá 18 méadar ar airde. Má chuireann tú dearcán nuair atá tú i do pháiste, beidh an crann lánfhásta nuair a bheidh tú i do dhuine fásta.

Ceisteanna

1. Cad é tá istigh sa dearcán?
2. Cá huair a thiteann dearcáin go talamh?
3. Cá huair a thosaíonn an síol ag fás?
4. Ainmnigh trí rud atá de dhíth ar an síol le fás?
5. Cad é airde an chrainn i ndiaidh 25 bliain?
6. Cén sórt focail é *fásann*?

   ainmfhocal aidiacht briathar réamhfhocal

7. Tá meancóg litrithe amháin san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le líne faoin fhocal nach raibh litrithe mar is ceart.

   Tosaíon an síol ag fás san earrach.

8. Tá meancóg phoncaíochta san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le ciorcal thart ar an áit a raibh an mheancóg phoncaíochta.

   Dfhás an síol thart fá 70cm i mbliana.

Obair Bhaile 7

Aois Chrainn

De réir mar a fhásann crann suas, is amhlaidh a éiríonn sé níos raimhre fosta. Bíonn crainn ag fás i gcónaí ach bíonn dath difriúil ar an adhmad istigh sa chrann agus é ag fás in amanna difriúla den bhliain. Is mar gheall air seo a dhéantar fáinní istigh sa chrann.

Má ghearrann tú crann síos, thig leat na fáinní seo a fheiceáil, ceann istigh sa cheann eile. Is ionann fáinne amháin agus bliain amháin fáis. Má tá 20 fáinne ag crann, tá sé thart fá 20 bliain d'aois. Tá crann le 60 fáinne thart fá 60 bliain d'aois.

Ar ndóigh, caithfidh tú an crann a mharú sula dtig leat a aois a fháil amach. Dá mba mhaith leat fáil amach cad an aois de chrann gan é a mharú, caithfidh tú é a thomhais. Má amharcann tú go cúramach ar an chrann, beidh an tomhas a dhéanann tú níos beaichte. Dá raimhre agus dá airde an crann, is amhlaidh is sine atá sé.

Ceisteanna

1. Cad é a fheiceann tú má ghearrann tú crann síos?
2. Má tá fiche fáinne sa chrann, cén aois é?
3. Má tá 100 fáinne sa chrann, cén aois é?
4. An gcaithfidh tú crann a mharú chun aois s'aige a fháil amach?
5. Cad é an dóigh eile chun aois chrainn a fháil amach gan é a mharú?
6. Cén sórt focail é *fáinne*?

   ainmfhocal aidiacht briathar réamhfhocal

7. Tá meancóg litrithe amháin san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le líne faoin fhocal nach raibh litrithe mar is ceart.

   Thuig leat fáinní a fheiceáil i gcrann ma ghearrann tú síos é.

8. Tá meancóg phoncaíochta san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le ciorcal thart ar an áit a raibh an mheancóg phoncaíochta.

   Tá an crann sin thart fá 60 bliain daois.

Obair Bhaile 8

An Taoide



Bíonn tonnta ag rolladh ar an trá an lá ar fad. In amanna, éiríonn an fharraige agus tagann na tonnta níos faide aníos ar an trá. Tugtar an taoide ard air seo. Bíonn an trá níos lú mar tá sí clúdaithe le huisce.

Ansin téann leibhéal na farraige síos, agus ní thagann na tonnta chomh fada sin aníos ar an trá. Tugtar an taoide íseal air seo. Is minic a fhágtar blaoscaí, feamainn nó píosaí adhmaid ar an trá nuair a théann na tonnta amach arís.

Bíonn an ghealach agus an ghrian ag tarraingt ar an uisce agus is é sin is cúis leis na tonnta. De réir mar a théann an ghealach thart ar an domhan, oibríonn sé mar mhaighnéad ollmhór agus tarraingíonn sí uisce na farraige chuici. Tarraingíonn an ghrian é fosta ach níl sé chomh láidir leis an ghealach mar tá sí níos faide ar shiúl.

Tarlaíonn tonnta arda agus tonnta ísle dhá uair gach lá.

Ceisteanna

1. Cad é a bhíonn ag rolladh ar an trá an lá ar fad?
2. Cad é a tharlaíonn don trá nuair a thagann an taoide isteach?
3. Ainmnigh trí rud a fhágtar ar an trá de ghnáth nuair a théann an taoide amach?
4. Ainmnigh an dá rud sa spéir a tharraingíonn uisce na farraige.
5. Cá mhinic a tharlaíonn tonnta arda agus tonnta ísle gach lá?
6. Cén sórt focail é *íseal*?

   ainmfhocal aidiacht briathar réamhfhocal

7. Tá meancóg litrithe amháin san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le líne faoin fhocal nach raibh litrithe mar is ceart.

   Bíonn tonnta ag rollú ar an trá gach lá.

8. Tá meancóg phoncaíochta san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le ciorcal thart ar an áit a raibh an mheancóg phoncaíochta.

   Bíonn an Trá níos lú nuair a bhíonn an taoide istigh.

Obair Bhaile 9

Crith Talún

Go díreach faoi thalamh an domhain atá rudaí atá cosúil le plátaí. Tagann na plátaí seo le chéile mar mhíreanna méaraí agus bíonn siad ag bogadh go hiontach fadálach. Nuair a thagann na píosaí seo le chéile, bíonn siad ag cuimilt agus ag brú le chéile. Nuair a bhrúnn na píosaí seo le chéile le fórsa mór, tarlaíonn crith talún.

Bogann an talamh agus critheann gach rud le linn chrith talún. In amanna, titeann foirgnimh agus gortaítear nó maraítear daoine agus ainmhithe. In amanna, scriostar cathracha iomlána ar fad.

Tá eolaithe ag foghlaim níos mó agus níos mó fá chreatha talún. Cuidíonn meaisín darb ainm seismeagraf leo, a thomhaiseann an fórsa atá ann i gcrith talún. Tá a fhios ag eolaithe cad chuige a dtarlaíonn creatha talún agus cá háit a dtarlaíonn siad. Ach níl siad cinnte go fóill roimh ré cá huair agus cá háit atá siad ag dul a bheith ann.

Ceisteanna

1. Cad é atá go díreach faoi thalamh an domhain?
2. Cad é a tharlaíonn nuair a bhrúnn na plátaí seo le chéile le fórsa mór?
3. Cad é a tharlaíonn le linn crith talún?
4. Cad é an rud é seismeagraf?
5. An mbíonn eolaithe cinnte cá huair a tharlóidh creatha talún?
6. Cén sórt focail é *critheann*?

   ainmfhocal aidiacht briathar réamhfhocal

7. Tá meancóg litrithe amháin san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le líne faoin fhocal nach raibh litrithe mar is ceart.

   Níl eolaithe cinnte cá huair a bheidh croí talún ann.

8. Tá meancóg phoncaíochta san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le ciorcal thart ar an áit a raibh an mheancóg phoncaíochta.

   Tomhaiseann seismeagraf an fórsa atá i gcrith talún?

Obair Bhaile 10

Páipéar



Tá an chuid is mó de pháipéar déanta den adhmad a fhaighimid ó chrainn. Gearrann na fir leagtha crann gach sórt crann agus baineann siad na géaga de. Cuirtear na crainn ar leoraithe ansin agus glactar iad chuig an mhuileann páipéir.

Gearrtar na crainn ina bpíosaí beaga sa mhuileann. Ina dhiaidh sin, déantar na píosaí seo a chócaireacht agus measctar iad le huisce chun laíon a dhéanamh. Doirtear an laíon ar scáileanna móra cothrománacha chun páipéar fliuch a dhéanamh. Mionbhrúitear agus triomaítear an páipéar fliuch agus ansin gearrtar é le go mbeidh sé réidh le húsáid.

Is féidir páipéar a dhéanamh ar dhóigh eile fosta. In áit crainn a úsáid, is féidir sean-pháipéar a úsáid le páipéar nua a dhéanamh, Tugtar athchúrsáil air seo agus is iomaí duine is fearr leis páipéar athchúrsáilte mar fágann sin nach gá crainn a ghearradh síos.

Tá cuid mhór rudaí déanta de pháipéar: nuachtáin, rolla leithris agus an leabhar seo, mar shampla.

Ceisteanna

1. Cad as a bhfuil an chuid is de pháipéar déanta?
2. Cén dóigh a dtéann na crainn go dtí an mhuileann páipéir?
3. Cad é an chéad rud a tharlaíonn do na crainn sa mhuileann páipéir?
4. Cad é a thugtar ar pháipéar atá déanta de shean-pháipéar?
5. Ainmnigh dhá rud atá déanta de pháipéar.
6. Cén sórt focail é *páipéar*?

   ainmfhocal aidiacht briathar réamhfhocal

7. Tá meancóg litrithe amháin san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le líne faoin fhocal nach raibh litrithe mar is ceart.

   Is maith le mo dhaidí an nuachtán a léú i ndiaidh oibre.

8. Tá meancóg phoncaíochta san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le ciorcal thart ar an áit a raibh an mheancóg phoncaíochta.

   Is fearr liom páipéar Athchúrsáilte a úsáid.

Obair Bhaile 11

Na Laethanta Saoire

Nach álainn an t-am é an samhradh
Chun spóirt agus scléip agus grinn
Ag déanamh caisleán ins an gaineamh
Ag tumadh sa mhuir nó sa linn.

Is breá liom an ghrian ag taitneamh
I spéir aoibhinn álainn, Mí Iúil,
Is mé ag spraoi is ag spórt tríd an tuath,
Nó cois trá i m'aonar ag siúl.
Is breá liom an trá is an gaineamh
Is breá liom sa mhuir bheith ag snámh,
Is breá liom an oíche bheith fada,
Is saoire mo chroí agam gach lá.
Níl aon am chomh maith leis an samhradh,
An samhradh agam féin ar mo thoill,
Is cead agam imeacht is filleadh,
I mo rí orm féin as an scoil.



Ceisteanna

1. Cad é is féidir a dhéanamh leis an ghaineamh sa samhradh?
2. An mbíonn Mí Iúil ann sa samhradh?
3. Ainmnigh dhá rud a dhéanann an file sa samhradh.
4. An maith leis an fhile scoil, i do bharúil féin?
5. An maith leis an fhile an samhradh, i do bharúil féin?
6. Cén sórt focail é *scoil*?

   ainmfhocal aidiacht briathar réamhfhocal

7. Tá meancóg litrithe amháin san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le líne faoin fhocal nach raibh litrithe mar is ceart.

   Is é an samhramh an séasúr is fearr liom.

8. Tá meancóg phoncaíochta san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le ciorcal thart ar an áit a raibh an mheancóg phoncaíochta.

   Bhí mí lúnasa iontach te i mbliana.

Obair Bhaile 12

Cad é mar a Chaill Béar a Ruball?



Lá fuar geimhridh, tháinig Madadh Rua abhaile agus sreangán breá éisc aige. Ghoid sé iad ó iascaire! Bhí siad crochta suas á dtriomú ag an iascaire. Bhí an loch sioctha agus bhí air poll a dhéanamh agus dul ag iascaireacht sa pholl le slat.

Bhuail Madadh Rua le Béar.

"Cá bhfuair tú na héisc sin?" a d'fhiafraigh an béar.

"Rug mé orthu, ar ndóigh," arsa an madadh rua glic.

"Ba bhreá liomsa breith ar chúpla iasc don dinnéar," arsa an béar ocrach. "Cad é a dhéanfaidh mé?"

D'amharc an madadh rua ar ruball fada an bhéir agus bhí smaoineamh aige! Mhínigh sé an smaoineamh don bhéar.

"Siúil amach ar an leac oighir agus déan poll mór ann le do chrúba géara."

"Agus cad é a dhéanfaidh mé ansin?" a d'fhiafraigh an béar.

"Lig do ruball síos san uisce agus fan go mbéarfaidh iasc air Nuair a bhéarfaidh iasc air, tarraing do ruball aníos. Beidh an t-iasc agat ansin."

"An dtógfaidh sin mórán ama?" a d'fhiafraigh Béar.

"Tógfaidh sé tamall," arsa Madadh Rua. "Ach caithfidh tú cur suas leis sin. B'fhéidir go mbeadh pian i do ruball nuair a bhéarfaidh an t-iasc air ach má fhágann tú é san uisce le tamall fada, gheobhaidh tú a lán éisc."

D'imigh an béar amaideach go dtí an loch sioctha agus rinne sé poll ar an oighear agus ansin chuir sé síos a ruball san uisce ar feadh tamaill fhada. Ach níor rug iasc air. Tháinig tuirse air agus dúirt sé leis féin, "Níl iasc ar bith anseo anois. Rachaidh mé abhaile agus triailfidh mé arís é amárach!" Rinne sé iarracht a ruball a tharraingt ach bhí sé sioctha san oighear! Tharraing sé agus tharraing sé agus sa deireadh d'imigh a ruball de! Sin é an fáth nach bhfuil ach giota beag de ruball ar an bhéar anois!

Ceisteanna

1. Cad é a bhí ag Madadh Rua nuair a tháinig sé abhaile?
2. Cad é mar a rinne an t-iascaire iascaireacht nuair a bhí an loch sioctha?
3. Cad é mar a rinne an béar poll sa loch reoite?
4. Cá mhéad iasc a cheap an béar?
5. Cad é a tharla do ruball an bhéir?
6. Cén sórt focail é *glic*?
7. Tá meancóg litrithe amháin san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le líne faoin fhocal nach raibh litrithe mar is ceart.

   "Fuar mé na héisc ón loch," arsa an madadh rua.

8. Tá meancóg phoncaíochta san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le ciorcal thart ar an áit a raibh an mheancóg phoncaíochta.

   Dimigh an béar amaideach anonn chuig an loch.

Obair Bhaile 13

An Chadhóit



Tugtar ‘mac tíre an fhéaraigh’ ar chadhóit Mheiriceá Thuaidh. Is mó a chosúlacht go mór le madadh rua. Tá sé ar aonmhéid le hAlsáiseach agus itheann sé ainmhithe beaga eile. Tá sé níos gasta ná an coinín ach is minic is fearr leis fuílleach ainmhithe eile a ithe. Ionsaíonn sé ainmhithe clóis, caoirigh agus capaill. Bíonn sé ag síor-shíonáil i rith na hoíche.

Tá an chadhóit ábalta maireachtáil i ngaineamhlaigh fosta agus tá sé ábalta uisce a aimsiú agus tobair 3 mhéadar a chartadh. Má cheansaítear an chadhóit nuair atá sé óg, is madadh aoireachta iontach í.

San fhiántas, is annamh a dhéanann an chadhóit leaba dó féin ach úsáideann sé poll a bhíonn tréigthe ag ainmhithe eile. Ní mhaireann an chadhóit fhireann sa pholl céanna lena chéile. Nuair a bhíonn an chadhóit dhá mhí d’aois, ligtear dó dul ag seilg dó féin.

Ceisteanna

1. Cárb as an chadhóit?
2. Cén t-ainmhí eile a bhfuil an chadhóit cosúil leis?
3. Cén tír ina bhfuil an chadhóit ina chónaí?
4. Cad é a itheann an chadhóit?
5. Cén aois atá an chadhóit nuair a théann sé ag seilg den chéad uair?
6. Cén sórt focail é *poll*?

   ainmfhocal aidiacht briathar réamhfhocal

7. Tá meancóg litrithe amháin san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le líne faoin fhocal nach raibh litrithe mar is ceart.

   Tá an chadhóit iontach cosúil leis an madadh rua.

8. Tá meancóg phoncaíochta san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le ciorcal thart ar an áit a raibh an mheancóg phoncaíochta.

   Tá an chadhóit níos mó agus níos gasta ná an Coinín.

Obair Bhaile 14

An Béar Bán

Tá an t-oighear ag an Mholl Thuaidh ag leá sa lá atá inniu ann agus tá sé sin ag cur isteach ar na béir bhána. Is lú an spás atá acu ina ngnáthóg nádúrtha, an tArtach, agus tá titim shuntasach ar líon na mbéar bán san fhiántas.

Sular thosaigh an t-oighear ag leá ag an Mholl Thuaidh, ba ghnách le daoine seilg a dhéanamh ar na béir bhána agus iad a mharú don fhionnadh s'acu. Chuir daoine isteach ar an bhéar bhán chomh maith agus iad ag lorg ola agus mianraí san Artach. Bhí siad éirithe chomh gann sin gur shínigh Ceanada, an Rúis agus Meiriceá, i measc tíortha eile, comhaontú a chuir cosc ar sheilg an bhéir bháin.

Thiocfadh le béar bán lánfhásta a bheith 3 mhéadar ar fad agus meáchan 450kg aige. Tá fionnadh aige ar bhonn a choise le ligean dó siúl ar an oighear, gan a bheith ag sleamhnú. Tugann fionnadh an bhéir bháin duaithníocht dó, is é sin, go bhfuil sé deacair é a fheiceáil sa sneachta mar gheall ar an fhionnadh bán. Coinníonn an fionnadh teolaí é chomh maith.

Téann an mháthair isteach i gcnoc oighir don gheimhreadh. Bíonn babaí nó dhó aici ansin agus tagann siad amach san earrach.

Ceisteanna

1. Cad é atá ag cur isteach ar líon na mbéar bán san Mholl Thuaidh sa lá atá inniu ann?
2. Cad chuige a ndearna daoine seilg ar an bhéar bán fadó?
3. Ainmnigh trí thír a chuir cosc ar sheilg an bhéir bháin.
4. Cad é an fad de bhéar bán lánfhásta?
5. Cad é an meáchan de bhéar bán lánfhásta?
6. Cad é a chiallaíonn *duaithníocht*?
7. Tá meancóg litrithe amháin san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le líne faoin fhocal nach raibh litrithe mar is ceart.

   Ní bhíonn an béar bán fuair sa Mholl Thuaidh mar gheall ar an fhionnadh s'aige.

8. Tá meancóg phoncaíochta san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le ciorcal thart ar an áit a raibh an mheancóg phoncaíochta.

   Ní bhíonn an béar bán fuar sa Mholl Thuaidh mar gheall ar an fhionnadh saige.

Obair Bhaile 15

An tOllphanda

Má tá ollphanda ag zú, tá ádh leis, mar go dtiocfaidh na mílte chun é a fheiceáil. Ach bheadh ort dul go Washington DC, Páras, Tóiceo, an Chóiré Thuaidh nó an tSeapáin chun ceann a fheiceáil lasmuigh dá thír dhúchais, an tSín.

Ming an t-ainm a bhí ar an chéad ollphanda a bhí ag Zú Londain. Duine darbh ainm Floyd Tangier Smith a thug go dtí an Bhreatain ón tSín é sa bhliain 1938. Níor chuala na daoine san Eoraip faoi go dtí 1869. Tháinig sagart Francach, Pére David, ar sheithe (fionnadh) ollphanda, ní fhaca sé rud cosúil leis riamh ina shaol, ach bhí sé ró-chostasach dul sa tóir ar cheann beo. Sa deireadh, cheannaigh zú-eolaí Gearmánach ollphanda beag ó dhuine a raibh cónaí air i gceantar sléibhte sa tSín. Ní raibh sé ábalta é a thabhairt abhaile leis, áfach, fuair sé bás.

Ach bhí suim mhuintir na hEorpa agus an Mheiriceá múscailte ann. Thosaigh daoine ag triall ar an tSín. Bhí rás ann idir Ruth Harkness ó Mheiriceá agus Floyd Smith chun ceann a thabhairt ar ais ar dtús..

D'éirigh le Ruth Harkness an bua a fháil lá nuair a thug sí ollphanda abhaile léi go Zú Brookfield, Chicago. Su-Lin an t-ainm a bhí ar an ollphanda sin. B'in sa bhliain 1936 ach fuair sé bás bliain ina dhiaidh sin nuair a ghreamaigh píosa adhmaid ina scornach.

Ceann de na deacrachtaí a bhaineann le cothú an ollphanda i zú ná nach n-itheann sé rud ar bith ach péaca bambú. Is breá leis dul ar á lorg a shléibhte na Síne agus iad faoi shneachta.

Ceisteanna

1. Cad é an t-ainm a bhí ar an chéad ollphanda i zú Londan?
2. Ainmnigh tír dhúchais an ollphanda.
3. Cad é a itheann an t-ollphanda?
4. Cé a thug an chéad ollphanda chuig zú taobh amuigh den tSín?
5. Ainmnigh trí chathair inar féidir ollphanda a fheiceáil i zú na laethanta seo.
6. Cén sórt focail é *bambú*?

   ainmfhocal aidiacht briathar réamhfhocal

7. Tá meancóg litrithe amháin san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le líne faoin fhocal nach raibh litrithe mar is ceart.

   Fuar Su-Linn bás mar ghreamaigh píosa bambú ina scornach.

8. Tá meancóg phoncaíochta san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le ciorcal thart ar an áit a raibh an mheancóg phoncaíochta.

   Ming an tainm a bhí ar an chéad ollphanda a bhí ag Zú Londain.

Obair Bhaile 16

Geimhriú sa Gheimhreadh

Ní maith le hainmhithe an geimhreadh. Bíonn sé fuar agus bíonn sneachta ar an talamh go minic. Tá sé deacair bia agus uisce a fháil. Eitlíonn cuid éan ó dheas sa gheimhreadh go dtí tíortha atá níos teo, go dtí áit a bhfuil neart bia ann. Tugaimid imirce air seo. Téann cuid éisc ar imirce fosta – chuig uisce atá níos teo. Fásann an mac tíre, an fia agus an madadh rua níos mó fionnaidh chun iad féin a choinneáil te.

Athraíonn fionnadh choiníní dath sa tuaisceart sa gheimhreadh. Tiontaíonn sé ó dhonn go bán. Cuidíonn sé seo leo dul i bhfolach ó na hainmhithe a ba mhaith leo iad a ithe. Tugaimid duaithníocht air seo. Téann an racún, an scúnc agus an béar a chodladh don gheimhreadh. Músclaíonn siad anois agus arís chun bia a sheilg.

Ní mhúsclaíonn an chipmunc. San fhómhar, itheann sé an méid sin de bhia go bhfuil sé deacair dó seasamh suas. Ansin faigheann sé áit dheas the agus téann sé a chodladh go dtí an t-earrach. Bíonn an aimsir níos fearr san earrach. Tugaimid geimhriú ar an chodladh fada seo.

Ceisteanna

1. Cad chuige nach maith le hainmhithe an geimhreadh?
2. Cad é a dhéanann cuid éan sa gheimhreadh?
3. Cad é a tharlaíonn d'fhionnadh choiníní sa gheimhreadh?
4. Ainmnigh trí ainmhí a théann a chodladh sa gheimhreadh.
5. Cén dóigh a bhfuil an chipmunc ábalta fanacht ina chodladh don gheimhreadh ar fad?
6. Cén sórt focail é *ó*?

   ainmfhocal aidiacht briathar réamhfhocal

7. Tá meancóg litrithe amháin san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le líne faoin fhocal nach raibh litrithe mar is ceart.

   Téann neart ainmhithe a choladh don gheimhreadh.

8. Tá meancóg phoncaíochta san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le ciorcal thart ar an áit a raibh an mheancóg phoncaíochta.

   Tá sé deacair bia agus, uisce a fháil sa gheimhreadh mar gheall ar a sneachta.

Obair Bhaile 17

An Míol Mór



Cé go gcónaíonn an míol mór san fharraige, gheobhadh sé bás dá bhfanfadh sé ró-fhada faoin uisce, bheadh sá báite. Ach gheobhadh sé bás fosta dá dtiocfadh sé isteach ar an trá. Tá sé ábalta análú ar an trá, ach níl sé ábalta bogadh agus, mar sin, níl sé ábalta ithe.

Ní éisc a itheann an chuid is mó de mhíolta móra. Itheann sé béile mór de rudaí beaga a fhaigheann sé san fharraige. Ní iasc é an míol mór féin ach mamach. Cosúil le mamaigh eile, análaíonn sé aer. Ní i bhfoirm uibheacha a thagann siad ar an saol, ach beo beathach agus maireann sé i dtosach ar bhainne a mháthar, cosúil le lao agus bó.

Ní fíor a rá go scairdeann sé uisce as a bhéal nuair a bhaineann sé an dromchla amach. Séideann sé aer as a phollairí, ar bharr a chinn. Tá scamhóga ag an mhíol mór agus tá gáilligh ag an iasc. Sula dtumann sé faoin uisce, líonann sé a scamhóga le haer. Bíonn air teacht aníos arís, luath nó mall, le hanálú. A luaithe a shroicheann sé an dromchla, de bhrí go bhfuil an anáil á coinneáil istigh ar feadh tamaill fhada, séideann sé an t-aer amach tríd na poill séidte ar bharr a chinn – na pollairí.

Déantar gal uisce den anáil thais the nuair a theagmhaíonn sí leis an aer fuar. Tarlaíonn an rud céanna do d'anáil féin sa gheimhreadh.

Bhíodh luach mór ar an ola a fuarthas ó bhlonag an mhíl mhóir agus bhí tóir ar a snámha. Bhí an chontúirt ann nach mairfeadh sé i bhfad eile ach shocraigh comhdháil idirnáisiúnta chun stop a chur leis an tsealgaireacht. Úsáidtear ola an mhíl mhóir chun a lán rudaí a dhéanamh; margairín, gallúnach, leigheas, cosmaidí agus cumhrán (cé go bhfuil boladh uafásach den ola féin) mar shampla.

Ceisteanna

1. Cén sórt ainmhí é an míol mór?
2. Cad é mar a análaíonn an míol mór?
3. Cad é an t-ainm atá ar an pholl i gcloigeann an mhíl mhóir?
4. Cad é mar a thagann an míol mór óg ar an saol?
5. Cad chuige a ndearna daoine seilg ar an mhíol mór?
6. Ainmnigh trí rud a rinneadh le hola an mhíl mhóir.
7. Tá meancóg litrithe amháin san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le líne faoin fhocal nach raibh litrithe mar is ceart.

   Is mammach é an míol mór.

8. Tá meancóg phoncaíochta san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le ciorcal thart ar an áit a raibh an mheancóg phoncaíochta.

   ní bheadh an míol mór beo ar an talamh i bhfad.

Obair Bhaile 18

Dragan na gCruacha Gorma

Is minic a chonaic daoine toit ghorm os cionn na gCruacha Gorma, sléibhte arda taobh le baile. Is é a bhí sa toit ná anáil. Ba le dragan mór an anáil sin. Bhí cónaí ar an dragan i bpluais. Níor tháinig sé amach ach nuair a bhí ocras air. Ina chodladh is mó a bhí sé. Ach, am ar bith a chonaic na daoine é, bhí eagla orthu. Tháinig toit agus lasracha amach as a shrón. Bhí sé de nós aige caora nó cúpla uan a ghoid agus abhaile leis go dtí a phluais. Chuala mac an rí fá dtaobh de. Dúirt sé leis féin go maródh sé an dragan. Suas leis go dtí an phluais. Bhagair sé a chlaíomh ar an dragan. Cad é a rinne an dragan? Thosaigh sé ag crith le heagla!

"Ná maraigh mé," arsa an dragan agus é ag caoineadh, "níl ionam ach baibín. Is meatachán mé, níl de dhíth orm ach go bhfanfaidh mé liom féin agus go mbeidh go leor le hithe agam."

Bhí iontas ar an phrionsa. Ansin, thosaigh sé ag gáire. Thosaigh an dragan ag gáire. Chuala na daoine iad agus bhí iontas orthu fosta. Chuaigh an prionsa abhaile agus d'inis sé an scéal do gach duine. Ní raibh eagla ar na daoine níos mó. Bhí trua acu don dragan óg agus d'fhág siad bia dó nuair a shíl siad go raibh ocras air.

Ceisteanna

1. Cad iad na Cruacha Gorma?
2. Cad é a bhí sa toit a bhí ag teacht í na Cruacha Gorma?
3. Cad chuige a raibh eagla ar na daoine roimh an dragan i dtús báire?
4. Cad é a d'ith an dragan?
5. Cé a shocraigh go maródh sé an dragan?
6. Cad chuige nár mharaigh sé an dragan?
7. Tá meancóg litrithe amháin san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le líne faoin fhocal nach raibh litrithe mar is ceart.

   Bhí an dragan ag croí le heagla roimh an phrionsa.

8. Tá meancóg phoncaíochta san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le ciorcal thart ar an áit a raibh an mheancóg phoncaíochta.

   "Ná maraigh mé," arsa an dragan "níl ionam ach baibín."

Obair Bhaile 19

Oíche Shamhna

Nuair a thagann Oíche Shamhna
Bíonn spraoi againn is spórt.
Rudaí deas' againn le hithe,
Cistí milse de gach sórt

Faighimid an báisín uisce
Cuirimid an phingin isteach.
Téimid ag tumadh cinn ann
Chun an phingin a bhaint amach.

Sa bhairín breac tá fáinne,
Píosa éadaigh, is cipín;
Bíonn spórt againn a lorg
Sinn de shíor ag déanamh grinn.

Cuirimid an téad ar sileadh,
Ar a deireadh úll breá deas,
Bímid uilig ar cipíní
Ag iarraidh greim a thógáil as.

Ceol is spórt, is scléip is aoibhneas
Idir óg is aosta fiáin:
Ceol is greann i gcroí gach duine
Oíche Shamhna, uair sa bhliain.

Ceisteanna

1. Cad é a bhíonn le hithe ag na páistí nuair a thagann Oíche Shamhna?
2. Cad é a chuireann siad sa bháisín uisce?
3. Cad é a chuireann siad sa bhairín breac?
4. Cad é a bhíonn ar sileadh ón síleáil?
5. Cá mhéad uair sa bhliain a bhíonn Oíche Shamhna ann?
6. Cén sórt focail é *cuirimid*?

   ainmfhocal aidiacht briathar réamhfhocal

7. Tá meancóg litrithe amháin san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le líne faoin fhocal nach raibh litrithe mar is ceart.

   Gléasfaidh muid suas mar phúcaí Ithe Shamhna i mbliana.

8. Tá meancóg phoncaíochta san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le ciorcal thart ar an áit a raibh an mheancóg phoncaíochta.

   Bíonn Oíche Shamhna ann i mí Dheireadh fómhair.

Obair Bhaile 20

Nuair a Chuaigh an Titanic go Tóin Poill



Ní raibh long níos mó ar an domhan, ag an am, ná an Titanic. Rinneadh i mBéal Feirste í, bhí meáchan 46,328 tonna aici agus bhí sí ábalta 3,320 duine a iompar. As chruach a bhí sí déanta agus bhí sí uiscedhíonach istigh. Síleadh nárbh fhéidir í a chur go tóin poill.

Sheol na chéad phaisinéirí ón Bhreatain go Meiriceá ar turas fada. Aibreán 14, 1912, bhí an fharraige breá ciúin ach bhí cnoc oighir ag seoladh an oíche chéanna ón Ghraonlainn. Bhuail sé an Titanic agus chuir sé poll mór inti faoi líne an uisce.

Thóg sé dhá uair an chloig uirthi suncáil agus, idir an dá linn, d'éirigh le 652 paisinéir dul isteach sna báid tharrthála. Chuaigh 60 eile isteach i mbáid bheaga eile. Tarrtháladh 712 duine ar fad ach cailleadh 1513! Chuaigh an banna ar aghaidh leis an cheol de réir mar a chuaigh an Titanic faoi.

Thiocfadh níos mó a tharrtháil as siocair go raibh long eile, an California, fiche míle ón Titanic ach ní raibh an t-oibreoir raidió ar dualgas. Ach ab é gur tháinig an Carpathia, 20 bomaite i ndiaidh don Titanic dul faoi, bheadh níos mó caillte.

Ceisteanna

1. Cén chathair ina ndearnadh an Titanic?
2. Cén mhí a bhí ann nuair a chuaigh an Titanic faoin uisce?
3. Cá mhéad duine a fuair bás?
4. Cá mhéad duine a tháinig slán ón Titanic?
5. Cad chuige nár tháinig an California le cuidiú leis an Titanic?
6. Cén t-ainm a bhí ar an long a tháinig le cuidiú leis an Titanic?
7. Tá meancóg litrithe amháin san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le líne faoin fhocal nach raibh litrithe mar is ceart.

   Fuar 1513 daoine bás ar an Titanic.

8. Tá meancóg phoncaíochta san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le ciorcal thart ar an áit a raibh an mheancóg phoncaíochta.

   Rinneadh an Titanic i mbéal Feirste.

Obair Bhaile 21

Didil

Bhí na lachain óga ar an Loch Gorm ag ullmhú do rás snámha. Dúirt an Rí Gandal go mbeadh sé i láthair agus bhí gach duine ar bís. Bhí na lachain óga ar fad ag traenáil go dian ach amháin Didil. Níor thaitin uisce le Didil agus chaith sé a chuid ama ag slabáil sna fiailí taobh leis an loch.

"Ní gá domsa cleachtadh," a dúirt Didil go gaisciúil, "is mise an snámhaí is fearr ar an loch seo."

Nuair a tháinig lá an rása, bhailigh na lachain, na géanna agus na healaí agus rinneadh líne dhíreach de na lachain óga. Bhí a choróin ar an Rí Gandal agus labhair sé le gach ceann de na lachain. Mhol sé ruball catach Dhidil, ach go hairithe.

"Tá ruball mar sin ar gach éan i mo theaghlachas," arsa Didil go bródúil. "Cuidíonn sé linn snámh níos fearr!"

Scaoil Gandal an t-urchar tosaithe agus as go brách leis na lachain. Ní fada go raibh Didil bocht i bhfad chun deiridh ar na lachain eile ar fad!

Nuair a bhí sé píosa ón bhruach, d'eitil sé tríd an uisce agus bhailigh leis thar na lachain eile! Bhí sé chomh gasta sin go raibh neart ama aige chun dul thar an líne críche go mall, réidh!

"Bualadh bos do Dhidil," a bhéic an lucht féachana d'aonghuth. Ba mhaith leo uilig lámh a chroitheadh leis. Ach rug góislín beag ar a ruball agus, go tobann, thit an ruball catach de ar fad. Cad é a bhí faoi ach mótar beag. Ní ag snámh a bhí Didil ar chor ar bith. Inneall a bhí á thiomáint!

Bhí an Rí Gandal ar buille leis agus dúirt sé leis go raibh a mhuintir uilig náirithe aige lena chleas gránna. Thosaigh Didil ag caoineadh agus gheall sé nach ndéanfadh sé a leithéid arís go deo. Éan dá fhocal é fosta agus tá an-mheas anois air. Thosaigh sé ag cleachtadh a chuid snámha agus níl mótar de dhíth air anois, tá sé ar cheann de na héin is gasta ar an loch!

Ceisteanna

1. Cé a bhí ar an Loch Gorm?
2. Cá raibh Didil?
3. Cad chuige nach raibh Didil ag traenáil?
4. Cad é an t-ainm atá ar an Rí?
5. Cé a bhain an rás agus cén dóigh ar bhain sé an rás?
6. Cad é mar a mhothaigh Didil nuair a fuarthas amach go raibh sé ag caimiléireacht?
7. Tá meancóg litrithe amháin san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le líne faoin fhocal nach raibh litrithe mar is ceart.

   Bhí mótar i bhfolach ag Didil faoina rubal.

8. Tá meancóg phoncaíochta san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le ciorcal thart ar an áit a raibh an mheancóg phoncaíochta.

   Bhailigh na lachain na géanna agus na healaí i líne.

Obair Bhaile 22

An Leon agus an Luchóg



Bhí leon ina chodladh san fhoraois lá amháin agus mhothaigh sé go raibh rud éigin ag cur cigilte ar a shrón. Chuimil sé a chrúb ar a shrón mhór agus stop an chigilt. A luaithe a thit sé ina chodladh arís, thosaigh an chigilt arís. Nuair a d'oscail sé leathshúil, chonaic sé luchóg bheag taobh leis agus í ar crith le heagla.

"Cad chuige ar mhúscail tú mé?" a d'fhiafraigh an leon di. "Tá tú i bponc anois."

"Ná maraigh mé, le do thoil," a d'impigh an luchóg. "Cén mhaith a dhéanfaidh sé duitse? Lig dom fanacht beo, le do thoil."

Thosaigh an leon ag gáire agus shocraigh sé a shaoirse a thabhairt don luchóg.

"Imigh leat," a dúirt sé, "agus ná dúisigh mé arís."

"Go raibh míle maith agat, a leoin," arsa an luchóg. "Más féidir liomsa cuidiú leatsa ag am ar bith, cuideoidh cinnte."

Bhí an leon ag gáire. Cén dóigh a dtiocfadh le luchóg cuidiú le leon?

Ní fada go bhfuair an luchóg a seans. Bhí an leon gafa i ngaiste sealgaire agus ní raibh sé ábalta é féin a shaoradh. Bhí na rópaí an-láidir agus na snaidhmeanna an-docht. Thosaigh an leon ag búiríl agus bhí na hainmhithe eile scanraithe.

Chuala an luchóg bheag é, ní raibh eagla ar bith uirthi agus chuaigh sí go dtí an leon.

"Shábháil tusa mise uair amháin agus déanfaidh mise amhlaidh duitse," arsa an luchóg.

Thosaigh sí ag cogaint na rópaí a bhí ag ceangail an leoin agus ní fada go raibh poll éalaithe déanta aici don leon. Bhí Rí na Foraoise saor arís!

"Go raibh míle maith agat, a chara," arsa an leon. "Anois tuigim go bhfuil créatúir bheaga laga chomh tábhachtach le cinn mhóra láidre."

1. Cá raibh an leon ina chodladh?
2. Cad é a dhúisigh é?
3. Cad chuige nár mharaigh an leon an luchóg?
4. Cad é a tharla don leon i ndiaidh dó an luchóg a ligean saor?
5. Cad chuige nach raibh sé ábalta éalú?
6. Cad é mar a shábháil an luchóg an leon?
7. Tá meancóg litrithe amháin san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le líne faoin fhocal nach raibh litrithe mar is ceart.

   Ní raibh eagla ar bí ar an luchóg roimh an leon.

8. Tá meancóg phoncaíochta san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le ciorcal thart ar an áit a raibh an mheancóg phoncaíochta.

   "Cad chuige ar dhúisigh tú mé," a dfhiafraigh an leon den luchóg.

Obair Bhaile 23

An Bhó



Is ainmhí mór séimh í an bhó le súile móra donna. Tá ruball fada aici a úsáideann sí chun fáil réitithe de chuileoga.

Caitheann ba a lán ama ag cogaint féir. An bhó amháin a thugann bainne dúinn, ní féidir bainne a fháil ón tarbh. Tugaimid lao ar an bhó óg.

Faighimid a lán bainne ó na ba in Éirinn, is bia iontach é an bainne. Coinníonn sé te muid agus cuidíonn sé linn fás. Ní amháin sin ach coinníonn sé na fiacla agus na cnámha láidir. Is féidir bainne a úsáid chun im, cáis agus iógairt a dhéanamh.

Faighimid feoil ón bhó fosta, mairteoil an t-ainm atá ar an fheoil sin. Bainimid úsáid as craiceann na ba, a sheithe, fosta chun bróga agus málaí leathair a dhéanamh. Is iontach an t-ainmhí an bhó.

Ceisteanna

1. Cad é mar a chaitheann an bhó an chuid is mó dá chuid ama?
2. Cad é an deoch a thugann an bhó dúinn?
3. Cad é an t-ainm atá ar bhó óg?
4. Cad é an t-ainm atá ar an fheoil a fhaighimid ón bhó?
5. Cad é is féidir a dhéanamh le craiceann ón bhó?
6. Cén sórt focail é *te*?

   ainmfhocal aidiacht briathar réamhfhocal

7. Tá meancóg litrithe amháin san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le líne faoin fhocal nach raibh litrithe mar is ceart.

   Tugaimid luí ar an bhó óg.

8. Tá meancóg phoncaíochta san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le ciorcal thart ar an áit a raibh an mheancóg phoncaíochta.

   Faighimid a lán bainne ó na ba in éirínn.

Obair Bhaile 24

Plúirín Sneachta

Bhí banphrionsa beag ann tráth agus Plúirín Sneachta an t-ainm a bhí uirthi. Bhí leasmháthair ghránna aici a bhí in éad le Plúirín Sneachta as a háilleacht.

Lá amháin, d'ordaigh an leasmháthair do dhuine de na searbhóntaí Plúirín Sneachta a thabhairt isteach san fhoraois agus í a mharú. Bhí trua mór ag an searbhónta do Phlúirín Sneachta agus, in áit í a mharú, lig sé saor istigh san fhoraois í. Bhí sí ag siúl thart agus sa deireadh tháinig sí ar theachín beag folamh ina raibh seacht gcinn de gach uile sórt ruda ann. D'ith sí béile agus luigh sí siar ar cheann de na seacht leaba. Thit néal trom codlata uirthi.

Tháinig an seachtar abhac ar leo an teach abhaile an tráthnóna sin agus chonaic siad ansin í. Bhí dúil mhór acu inti agus d'iarr siad uirthi fanacht leo mar bhean tí. D'fhan sí agus bhí sí an-sásta.

Ar ais sa chaisleán, chonaic an leasmháthair í ina scáthán draíochta agus bhí sí ar buile. Ghléas sí í féin mar bhean siúil agus tháinig sí go dtí an teach ag díol earraí. Thug sí cíor nimhe do Phlúirín Sneachta agus a luaithe a chuir sí í ina gruaig, thit sí i gcodladh draíochta. Nuair a tháinig na habhaic abhaile, chonaic siad an chíor agus ghlac siad í as an ghruaig agus mhúscail Plúirín Sneachta.

D'inis an scáthán draíochta don leasmháthair go raibh Plúirín Sneachta go fóill beo agus chuaigh sí ar ais chuig an teachín. An uair seo, chuir sí ar Plúirín Sneachta Bán píosa d'úll nimhe a ithe agus thit sí mar dá mbeadh sí marbh. Bhí na habhaic cinnte go raibh sí marbh an t-am seo ach bhí sí chomh hálainn sin gur chuir siad i gcás gloine í.

Lá amháin, tháinig prionsa ar chapall bán an bealach sin. D'fhiafraigh sé de na habhaic an raibh cead aige póg a thabhairt do Phlúirín Sneachta. Thug siad cead dó agus mhúscail sí!

Tamall beag ina dhiaidh sin, phós Plúirín Sneachta an prionsa a shábháil í. Théadh siad ar cuairteanna rialta go dtí na habhaic chineálta agus mhair siad go sona sásta ar feadh a saoil.

Ceisteanna

1. Cad é an t-ainm a bhí ar an bhanphrionsa?
2. Cad é a d'ordaigh an leasmháthair don searbhónta?
3. Cá háit a ndeachaigh Plúirín Sneachta?
4. Cad é a thug an leasmháthair ghránna do Phlúirín Sneachta den chéad uair?
5. Cad a thug sí di don dara huair?
6. Cad é mar a mhúscail an prionsa Plúirín Sneachta?
7. Tá meancóg litrithe amháin san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le líne faoin fhocal nach raibh litrithe mar is ceart.

   Shíl na habhaic go raibh Plúirín Sneachta marú.

8. Tá meancóg phoncaíochta san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le ciorcal thart ar an áit a raibh an mheancóg phoncaíochta.

   Diarr na habhaic ar Phlúirín Sneachta fanacht leo.

Léitheoireacht / Reading

Lá / Dáta Day / Date	Leabhar Book	Leathanaigh Pages	Inisileacha Initials
An Luan			
An Mháirt			
An Chéadaoin			
An Déardaoin			
An Luan			
An Mháirt			
An Chéadaoin			
An Déardaoin			
An Luan			
An Mháirt			
An Chéadaoin			
An Déardaoin			
An Luan			
An Mháirt			
An Chéadaoin			
An Déardaoin			
An Luan			
An Mháirt			
An Chéadaoin			
An Déardaoin			
An Luan			
An Mháirt			
An Chéadaoin			
An Déardaoin			

An Luan/Monday
An Mháirt/Tuesday
An Chéadaoin/Wednesday
An Déardaoin / Thursday